


# Reibiliún sna cathracha

## Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin ngrúpa Reibiliún an Éaga. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh a bhfuil ar eolas agat faoin scéal leis an duine in aice leat.



## Ceist 2

Gan féachaint ar an mír go fóill, an féidir leat féin agus leis an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo?

*environmental action group* \_\_\_\_\_  
*march/parade* \_\_\_\_\_  
*civil disobedience* \_\_\_\_\_  
*activists* \_\_\_\_\_  
*trying to* \_\_\_\_\_  
*climate crisis* \_\_\_\_\_  
*working methods/approaches* \_\_\_\_\_  
*demonstrators* \_\_\_\_\_  
*carbon emissions* \_\_\_\_\_  
*Irish waters* \_\_\_\_\_  
*public transport companies* \_\_\_\_\_  
*in co-operation with* \_\_\_\_\_

Féach ar an tuairisc le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

## Ceist 3

Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceistanna seo:

1. Cén cineál agóide atá pleanáilte i mBaile Átha Cliath?
2. Cad a bhí le rá ag na daoine seo a leanas: Rónán Ó Dálaigh, Richard Guiney, Éadaoin Heussaff agus Eoghan Ó Ceannabháin?

## Ceist 4

An réamhfhocal comhshuite

- a. Bain amach na lúbíní sna samplaí thíos agus cuir an leagan ceart de na focail sna bearnaí. Bhí siad le cloisteáil sa mhír.

*go ceann (seachtain)* \_\_\_\_\_  
*ar fud (an domhan)* \_\_\_\_\_

*i lár (an chathair) \_\_\_\_\_*  
*i gcaitheamh (an tseachtain) \_\_\_\_\_*  
*de bharr (an agóid) \_\_\_\_\_*

b. Cuir na réamhfhocail chomhshuite thíos in abairtí lena mbrí a léiriú:

- le linn
- le haghaidh
- in aice
- ar son
- i gcomhair

**Ceist 5** ‘...thug siad litreacha ar láimh do...’

Is iomaí nath deas atá sa Ghaeilge leis an leagan ‘láimh’, den fhocal ‘lámh’, ann. An bhfuil na cinn seo ar eolas agat? Pléigh iad leis an duine in aice leat agus cuirigí in abairtí iad lena mbrí a léiriú.

*Lean ar do láimh*  
*Láimh le*  
*Rud a ghlacadh ar láimh*  
*Rud a chur de láimh*  
*Duine a thabhairt ar láimh*

**Ceist 6** Pléigh na ceistanna seo leis na daoine i do ghrúpa:

1. Cad is brí le heasumhlaíocht shibhialta?
2. Cad a cheapann tú faoin easumhlaíocht shibhialta mar mhodh léirsithe?
3. An bhfuil rialtas na hÉireann ag dul i ngleic leis an ngéarchéim aeráide, dar leat?

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

Plé atá i gceist leis an gceist seo.

### Ceist 2

environmental action group	<i>grúpa gníomhaíochta comhshaoil</i>
march/parade	<i>mórshiúl</i>
civil disobedience	<i>easumhlaíocht shibhialta</i>
activists	<i>gníomhaithe</i>
trying to	<i>ag féachaint le</i>
climate crisis	<i>géarchéim aeráide</i>
working methods/approaches	<i>modhanna oibre</i>
demonstrators	<i>léirsitheoirí</i>
carbon emissions	<i>astaíochtaí carbóin</i>
Irish waters	<i>uiscí na hÉireann</i>
public transport companies	<i>comhlachtaí iompair phoiblí</i>
in co-operation with	<i>i gcomhar le</i>

### Ceist 3

Féach an script.

### Ceist 4

a.

*go ceann seachtaine*  
*ar fud an domhain*  
*i lár na cathrach*  
*i gcaitheamh na seachtaine*  
*de bharr na hagóide*

b.

le linn – during: Ní raibh sí ag éisteacht le linn an chruinnithe.

le haghaidh – for: Chuaigh siad amach le haghaidh béile.

in aice – beside: Tá an teach in aice na habhann.

ar son – for, pro-: Is duine é atá ar son na cúise.

i gcomhair – for, towards: Tá an t-aláram socraithe agam i gcomhair na maidine.

### Ceist 5

Lean ar do láimh – continue with what you are doing.

Láimh le – close by, beside.

Rud a ghlacadh ar láimh – to undertake something.

Rud a chur de láimh – to dispose of something.

Duine a thabhairt ar láimh – to bring someone into custody.

### Ceist 6

Plé atá i gceist anseo.

**Eimear Ní Chonaola**

Chuir an grúpa gníomhaíochta comhshaoil, Reibiliún an Éaga, tús inniu leis an agóidíocht a bheidh ar bun acu as seo go ceann seachtaine i gcathracha ar fud an domhain. I mBaile Átha Cliath, ghlac suas le 500 duine páirt i mórshiúl i lár na cathrach.

**Peadar Mac Gaoithín**

Beidh feachtas easumhlaíochta sibhialta as seo go ceann seachtaine do Chathair Bhaile Átha Cliath á phleanáil ag gníomhaithe comhshaoil an champa seo i gCearnóg Mhuirfean, ag féachaint le brú a chur ar an rialtas níos mó a dhéanamh le dul i ngleic leis an ghéarchéim aeráide.

**Rónán Ó Dálaigh, Reibiliún an Éaga**

Má leanaimid mar atá muid faoi láthair, athróidh nó ardóidh teocht an domhain ceithre chéim. Más rud é go dtarlaíonn sé seo, beidh an chuid seo de Bhaile Átha Cliath faoi uisce. Ba cheart go mbeadh gach duine, gnóthaí i mBaile Átha Cliath [*san áireamh*], níos buartha faoi bheith faoi bhun uisce, mar sin atá chun tarlú muna n-athraímid rudaí.

**Peadar Mac Gaoithín**

Cuirfear as don trácht agus don tráchtáil sa chathair i gcaitheamh na seachtaine de bharr na hagóide. Deir Reibiliún an Éaga nach bhfuil de rogha acu ach dul i muinín agóide den sórt seo toisc go bhfuil teipthe ar mhodhanna oibre eile.

**Richard Guiney, Príomhfheidhmeannach ‘Dublin Town’**

Tuigimid go léir tábhacht cúrsaí timpeallachta. Caithfidh ar fad oibriú le chéile ach ní chabhraíonn sé le haon duine má chuirtear isteach ar dhaoine atá ag teacht go dtí an chathair agus na gnóthaí atá anseo.

**Peadar Mac Gaoithín**

Chruinnigh léirsitheoirí taobh amuigh den Dáil agus thug siad litreacha ar láimh do Ranna Rialtais éagsúla, Roinn an Taoisigh ina measc, ar a mbealach go Cearnóg Mhuirfean.

**Éadaoin Heussaff, múinteoir bunscoile**

Faraor, cé go ndearnadh comhaontú i bPáras ceithre bliana ó shin, tá astaíochtaí carbóin agus gás eile, tá siad ag dul in airde. Tá siad imithe in airde 20% le cúig bliana anuas. Níl rialtais ag déanamh go leor anois le dul i ngleic leis an scéal<sup>1</sup> i ndáiríre, faraor. Mar mhúinteoir agus mar thuismitheoir, tá mé buartha.

**Eoghan Ó Ceannabháin, Baile Átha Cliath**

Níl aon rud fiúntach á dhéanamh acu faoi láthair ó thaobh stop a chur le comhlachtaí móra ola agus gás. Tá siad ag tabhairt cead dóibh leanacht<sup>2</sup> ar aghaidh ag lorg gás in uiscí na hÉireann.

**Clár Chamberlain, Contae an Chabháin**

Bhuel, tháinig mé aníos ón gCabán inniu. Agus...bhí suim agam agus cheap mé b'fhéidir go raibh mé ábalta rud éigin a dhéanamh. Agus, nuair a sheasaimid le chéile táimid níos fearr.

---

<sup>1</sup> *glacadh leis an scéal a dúradh*

<sup>2</sup> *leanúint an leagan caighdeánach*

**Peadar Mac Gaoithín**

Deir comhlachtaí iompair phoiblí go n-oibreoidh siad i gcomhar leis na Gardaí leis an tionchar a bheidh ag an agóid ar chúrsaí tráchta a mhaolú.

Peadar Mac Gaoithín, Nuacht TG4.